Uimhir 3 *de* 2014

AN tACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE, 2014

[*An tiontú oifigiúil*]

Clár an Ábhair

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú
2. Mínithe

CUID 2

Ceadúnú Tiománaithe

3. Tiománaí nuacheadúnaithe
4. Tiománaí nuacheadúnaithe do thaispeáint N-phláta nó tabaird
5. Rochtain ar fhormhuinithe ag árachóirí feithicle ceadaithe
6. Leasú ar an bPríomh-Acht

CUID 3

Pointí Pionóis

7. Alt 53 d'Acht 2010 a aisghairm
8. Leasú ar Acht 2002 — pointí pionóis a fhormhuiniú
9. Leasú ar alt 54 d'Acht 2010
10. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2002

CUID 4

Cionta a Bhaineann le Tiomáint le linn a Bheith ar Meisce

11. Oibleagáid chun tástálacha mallachair a dhéanamh

12. Leasú ar Acht 2010 — fuil a thógáil ó thiománaí atá gan aithne

13. Leasú ar an bPríomh-Acht — ordú dícháiliúcháin iarmhartach

CUID 5

Ilghnéitheach

14. Cur isteach ar odaiméadar feithicle inneallghluaiste

15. Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht

16. Suimeanna arna n-íoc ag Biúró Árachóirí Gluaisteán na hÉireann a ghnóthú

17. Leasú ar alt 106 den Phríomh-Acht

18. Leasú ar alt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 — aoisliúntas fhoireann ÚSB

19. Leasú ar alt 2 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009

20. Leasú ar alt 29 d'Acht 2010 — fógra pionóis sheasta

21. Leasú ar alt 38 d'Acht 2010 — toimhdeana

22. Leasú ar alt 81 d'Acht 2010 — fianaise i ndáil le tiomáint ar luas, etc.

23. Leasú ar alt 87 d'Acht 2010 — díolúintí d'fheithiclí éigeandála

24. Leasú ar Acht 2012

25. Leasú ar alt 13 den Acht um Iompar ar Bhóithre, 2011 — táillí

26. Aisghairm

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Seirbhísí Dóiteáin, 1981 (Uimh. 30)

Probation of Offenders Act, 1907 (7 Edw. 7, c. 17)

An tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009 (Uimh. 37)

An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005 (Uimh. 31)

An tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála), 2012 (Uimh. 16)

An tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 (Uimh. 14)

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre (Uimh. 2), 2011 (Uimh. 28)

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24)

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2002 (Uimh. 12)

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2006 (Uimh. 23)

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2010 (Uimh. 25)

Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2010

Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2011

An tAcht um Iompar ar Bhóithre, 2011 (Uimh. 31)

Uimhir 3 *de* 2014

AN tACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE, 2014

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú agus do leathnú na nAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2011, do leasú alt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006, alt 16 den Acht um Iompar ar Bhóithre, 2011 agus an Achta fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála), 2012 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[25 *Feabhra* 2014]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú

1. (1) Féadfar an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2014 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Féadfar na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2014 a ghairm den Acht seo agus de na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2011 le chéile agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

Mínithe

2. San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 2002" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2002;

ciallaíonn "Acht 2006" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2006;

ciallaíonn "Acht 2010" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2010;

ciallaíonn "Acht 2012" an tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála), 2012;

ciallaíonn "céadcheadúnas tiomána" ceadúnas tiomána arna eisiúint ag údarás ceadúnúcháin chuig duine nár shealbhaigh ceadúnas tiomána roimhe sin;

ciallaíonn "tiománaí is foghlaimeoir" sealbhóir ar chead foghlaimeora (de réir bhrí alt 35(1) (a cuireadh isteach le halt 11 d'Acht 2006)) den Phríomh-Acht nach sealbhaíonn ceadúnas tiomána;

ciallaíonn "Aire" an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt;

ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961.

CUID 2

Ceadúnú Tiománaithe

Tiománaí nuacheadúnaithe

3. (1) Chun críocha an Achta seo, is tiománaí nuacheadúnaithe duine atá ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar chéadcheadúnas tiomána go feadh na tréimhse 2 bhliain ó dháta a eisiúna.

(2) Más rud é, le linn na tréimhse 2 bhliain dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

(a) go dtiocfaidh an duine chun bheith dícháilithe de bhun Chuid III den Phríomh-Acht nó alt 9 d'Acht 2002, nó

(b) go scoirfidh an duine de bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar cheadúnas,

ní dhéanfar aon chuid de thréimhse an dícháiliúcháin dá dtagraítear i *mír (a)* nó den scor dá dtagraítear i *mír (b)*, de réir mar a bheidh, a áireamh mar chuid den tréimhse 2 bhliain agus is dá réir sin a chinnfear dáta críochnaithe na tréimhse sin.

Tiománaí nuacheadúnaithe do thaispeáint N-phláta nó tabaird

4. (1) Ní thiomáinfidh tiománaí nuacheadúnaithe feithicil inneallghluaiste in áit phoiblí, mura rud é—

(a) i gcás gluaisrothair, go mbeidh ar taispeáint ar thabard buí fluaraiseach a bheidh á chaitheamh os cionn éadaí imeachtair an duine an litir "N", is litir nach lú ná 15 cheintiméadar ar airde faoi dhath dearg ar chúlra bán a bheidh infheicthe go soiléir i suímh cheartingearacha chun tosaigh agus ar chúl chabhail an duine, nó

(b) i gcás feithicil inneallghluaiste seachas gluaisrothar, go mbeidh ar taispeáint ar an bhfeithicil plátaí nó síneacha dronuilleogacha ar a mbeidh an litir "N", is litir nach lú ná 15 cheintiméadar ar airde faoi dhath dearg ar chúlra bán a bheidh infheicthe go soiléir i suímh cheartingearacha chun tosaigh agus ar chúl na feithicle.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, déanfaidh sé nó sí cion.

Rochtain ar fhormhuinithe ag árachóirí feithicle ceadaithe

5. (1) Féadfaidh an tAire, faoi réir cibé coinníollacha a chinnfidh sé nó sí, a cheadú, maidir le hárachóir feithicle, d'fhonn polasaithe árachais ceadaithe a athnuachan—

(a) go bhfaighidh sé rochtain ar fhormhuinithe ar an iontráil (de réir bhrí alt 1(1) d'Acht 2002) a bhaineann le duine agus go ndéanfaidh sé iad a iniúchadh agus a scrúdú, agus

(b) go soláthrófar dó cibé cóipeanna d'iontráil, nó sleachta as iontráil, a theastóidh le réasún uaidh.

(2) Aisghairtear alt 2(10) d'Acht 2002.

Leasú ar an bPríomh-Acht

6. Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 33, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3C) (a cuireadh isteach le halt 92 d'Acht 2010):

"(3D) Ní dhéanfaidh údarás eisiúna, ná ní chuirfidh sé faoi deara go ndéanfar, tástáil le haghaidh deimhniú inniúlachta mura ndéanfaidh an duine a bheidh le tástáil, nuair a thiocfaidh sé nó sí i láthair don tástáil, taifead a thabhairt ar aird á chruthú go bhfuil aon tréimhse íosta taithí tiomána a fhorordófar faoi alt 42(3)(h) curtha isteach aige nó aici.

(3E) Más rud é nach ndéanfar taifead dá dtagraítear i bhfo-alt (3D) a thabhairt ar aird de réir an fho-ailt sin, diúltófar don iarratas ar dheimhniú inniúlachta agus forghéillfear aon táille a bheidh íoctha i leith an iarratais.",

(b) in alt 36(3)—

(i) i mír (a), trí "an chiontaithe agus" a scriosadh, agus

(ii) i mír (c)(iv), trí "an chiontaithe agus" a scriosadh,

(c) in alt 38, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

"(8) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas is duine arb é tuairim an chomhalta ina leith—

(a) go bhfuil cion faoi fho-alt (1) á dhéanamh nó déanta aige nó aici, agus

(b) go bhfuil sé nó sí dícháilithe chun ceadúnas tiomána a shealbhú.",

agus

(d) in alt 42(3) (a cuireadh isteach le halt 10 d'Acht 2006), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (h):

"(h) an cineál tástálacha a dhéanfar agus an modh ar a seolfar iad, agus an tréimhse íosta taithí tiomána a bheidh le cur isteach agus le taifeadadh ag duine sula bhféadfaidh sé nó sí tástáil a dhéanamh;".

CUID 3

POINTÍ PIONÓIS

Alt 53 d'Acht 2010 a aisghairm

7. Aisghairtear alt 53 d'Acht 2010.

Leasú ar Acht 2002 — pointí pionóis a fhormhuiniú

8. Leasaítear Acht 2002—

(a) in alt 1(1)—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "iontráil":

"ciallaíonn 'ceadúnas Éireannach' ceadúnas tiomána Éireannach nó cead foghlaimeora arna dheonú faoi Chuid III den Phríomh-Acht;",

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "ceadúnas":

"ciallaíonn 'ceadúnas' ceadúnas Éireannach nó ceadúnas tiomána coigríche, de réir mar a bheidh;",

(b) in alt 2—

(i) i bhfo-alt (1), trí "faoi alt 37 nó 44 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010" a chur in ionad "faoi alt 103 (arna chur isteach leis an Acht seo) den Phríomh-Acht", agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

"(7) Más rud é nach féidir iontráil i ndáil le duine a shainaithint nó nach bhfuil iontráil ann i ndáil le duine tráth a bheadh pointí pionóis le formhuiniú uirthi de bhun fho-alt (5) nó (6)(c) dá mba ann d'iontráil den sórt sin agus, ina dhiaidh sin, go sainaithneofar nó go ndéanfar iontráil den sórt sin, déanfar, air sin, na pointí a fhormhuiniú amhlaidh.",

(c) in alt 3, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) I gcás go bhformhuinítear pointí pionóis ar iontráil duine agus, dá dhroim sin, gurb é líon iomlán na bpointí pionóis a bheidh formhuinithe amhlaidh—

(a) 12 nó líon is mó ná 12, nó

(b) i gcás duine ar tiománaí is foghlaimeoir nó tiománaí nuacheadúnaithe é nó í an tráth a fhormhuinítear na pointí sin, 7 nó líon is mó ná 7,

beidh an duine dícháilithe, go ceann tréimhse 6 mhí dar tosach an dáta cuí chun ceadúnas a shealbhú agus beidh aon cheadúnas a shealbhaíonn sé nó sí ag tosach na tréimhse sin ar fionraí dá réir sin.",

agus

(d) in alt 5(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

"(b) ina sonrófar líon iomlán na bpointí pionóis a bheidh, tar éis an fhormhuinithe sin a dúradh, formhuinithe amhlaidh agus—

(i) más 12 nó líon is mó ná 12 an líon sin, nó

(ii) i gcás duine ar tiománaí is foghlaimeoir nó tiománaí nuacheadúnaithe é nó í an tráth a fhormhuinítear na pointí sin, más 7 nó líon is mó ná 7 an líon sin,

ina sonrófar go ndícháileofar an duine faoi alt 3 chun ceadúnas a shealbhú go ceann tréimhse 6 mhí dar tosach an dáta cuí agus ina n-ordófar dó nó di an ceadúnas a shealbhaíonn sé nó sí a thabhairt suas don údarás ceadúnúcháin tráth nach déanaí ná 14 lá ón dáta sin.

Leasú ar alt 54 d'Acht 2010

9. Leasaítear alt 54 d'Acht 2010 trí mhír (c) a scriosadh.

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2002

10. Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2002—

(a) i gCuid 1—

(i) i gcolún (4)—

(I) trí "3" a chur isteach ag uimhir thagartha 2,

(II) trí "3" a chur in ionad gach iontráil ag uimhreacha tagartha 7 agus 18,

(III) trí "3" a chur isteach ag uimhir thagartha 11, agus

(IV) trí "2" a chur in ionad na hiontrála ag uimhir thagartha 13,

(ii) i gcolún (5), trí "5" a chur in ionad gach iontrála ag uimhreacha tagartha 7, 13 agus 18,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 1:

"Cuid 1A

Uimhir Thagartha	Cion	Tuairisc Ghinearálta ar an gCion	Pointí Pionóis ar Mhuirear Seasta a Íoc	Pointí Pionóis ar Chiontú
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
1	Cion faoi *alt 4* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2014*	Mainneachtain N-phláta nó tabard a thaispeáint	2	4

",

(c) i gCuid 4—

(i) i gcolún (2), ag uimhir thagartha 8, trí "Cion arb é atá ann sárú ar fho-airteagal (5)(a) nó (7)(d) d'airteagal 14" a chur in ionad "Cion arb é atá ann sárú ar airteagal 14(5)",

(ii) i gcolún (3)—

(I) ag uimhir thagartha 2, trí "tiománaí feithicle" a chur in ionad "feithicil",

(II) ag uimhir thagartha 22, trí "Mainneachtain ag tiománaí feithicle géilleadh do shoilse tráchta ag crosaire comhréidh iarnróid, luascdhroichead nó droichead ardaithe nó stad ag sín tráchta atá tadhlach le soilse den sórt sin" a chur in ionad "Mainneachtain ag feithicil géilleadh do shoilse tráchta ag crosaire comhréidh iarnróid nó stad ag sín tráchta atá tadhlach le soilse den sórt sin", agus

(III) ag uimhir thagartha 25, trí "90 cm/u" a chur in ionad "50 msu",

(iii) i gcolún (4), trí—

(I) "3" a chur in ionad gach iontráil ag uimhreacha tagartha 1, 4, 12, 13, 17 agus 21, agus

(II) "2" a chur in ionad gach iontráil ag uimhreacha tagartha 3, 10 agus 14,

(iv) i gcolún (5), trí—

(I) "5" a chur in ionad gach iontráil ag uimhreacha tagartha 1, 12, 13 agus 17, agus

(II) "4" a chur in ionad gach iontráil ag uimhreacha tagartha 3, 10 agus 14,

(v) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh uimhir thagartha 26 (arna leasú le halt 138(7) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005):

"

27	Cion arb é atá ann sárú ar airteagal 35	Sárú ar an gcosc ar leathchastaí	2	4

",

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Chuid 5:

"Cuid 5

SÁRÚ AR AIRTEAGAL 17 DE NA RIALACHÁIN UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (TIOMÁNAITHE A CHEADÚNÚ), 2006 (I.R. UIMH. 537 DE 2006)

Sa Chuid seo, aon tagairt do Rialachán 17, is tagairt í do Rialachán 17 (arna leasú le Rialachán 2(b) de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tiománaithe is Foghlaimeoirí a Cheadúnú), 2007 (I.R. Uimh. 719 de 2007)) de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tiománaithe a Cheadúnú), 2006 (I.R. Uimh. 537 de 2006).

Uimhir Thagartha (1)	Cion (2)	Tuairisc Ghinearálta ar an gCion (3)	Pointí Pionóis ar Mhuirear Seasta a Íoc (4)	Pointí Pionóis ar Chiontú (5)
1	Cion faoi alt 42 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arb é atá ann sárú ar Rialachán 17(6)(b)(iii)	Mainneachtain L-phláta nó tabard a thaispeáint	2	4
2	Cion faoi alt 42 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arb é atá ann sárú ar Rialachán 17(6)(b)(iv)	Sealbhóir ar chead foghlaimeora ag tiomáint gan duine cáilithe in éineacht leis nó léi	2	4

".

(e) i gCuid 6 (a cuireadh isteach le halt 16(2)(e) d'Acht 2006), ag uimhir thagartha 1—

(i) i gcolún (4), trí "3" a chur in ionad "2", agus

(ii) i gcolún (5), trí "5" a chur in ionad "4",

(f) i gCuid 7 (a cuireadh isteach le halt 16(2)(e) d'Acht 2006)—

(i) i gcolún (4), trí "3" a chur in ionad "2", agus

(ii) i gcolún (5), trí "5" a chur in ionad "4",

gach áit a bhfuil sé,

(g) i gCuid 8, ag uimhir thagartha 1, i gcolún (4), trí "3" a chur isteach, agus

(h) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 9 (a cuireadh isteach le halt 54(d) d'Acht 2010):

"Cuid 10

SÁRÚ AR FHORÁLACHA ÁIRITHE DE NA RIALACHÁIN UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (TRÁCHT AGUS LOCADH) (LEASÚ) (UIMH. 2), 2012 (I.R. UIMH. 332 DE 2012)

Sa Chuid seo, aon tagairt d'Airteagal, is tagairt í d'Airteagal de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh) (Leasú) (Uimh. 2), 2012 (I.R. Uimh. 332 de 2012).

Uimhir Thagartha (1)	Cion (2)	Tuairisc Ghinearálta ar an gCion (3)	Pointí Pionóis ar Mhuirear Seasta a Íoc (4)	Pointí Pionóis ar Chiontú (5)
1	Cion arb é atá ann sárú ar Airteagal 5	Sárú ar rialacha maidir le húsáid mionchompal	1	3
2	Cion arb é atá ann sárú ar Airteagal 6	Dul thar shín á chosc ar fheithiclí iontráil	1	3
3	Cion arb é atá ann sárú ar Airteagal 7	Dul thar shín ar a luaitear fad uasta feithicle i gcás gur mó fad na feithicle ná an fad uasta a thaispeántar	1	3

Uimhir Thagartha (1)	Cion (2)	Tuairisc Ghinearálta ar an gCion (3)	Pointí Pionóis ar Mhuirear Seasta a Íoc (4)	Pointí Pionóis ar Chiontú (5)
4	Cion arb é atá ann sárú ar Airteagal 8	Dul thar shín ar a luaitear leithead uasta feithicle i gcás gur mó leithead na feithicle ná an leithead uasta a thaispeántar	1	3
5	Cion arb é atá ann sárú ar Airteagal 9	Dul thar shín ar a luaitear ollmheáchan dearaidh feithicle uasta (sábháilteacht) i gcás gur mó an t-ollmheáchan dearaidh feithicle ná an t-uasmheáchan a thaispeántar	1	3
6	Cion arb é atá ann sárú ar Airteagal 10	Dul thar shín ar a luaitear uasmheáchan luchtaithe acastóra feithicle i gcás gur mó an meáchan luchtaithe acastóra feithicle ná an t-uasmheáchan a thaispeántar	1	3
7	Cion arb é atá ann sárú ar Airteagal 15	Dul thar shín rialaithe lánaí tráchta ar shlí seachas de réir na síne sin nó gan slí a ghéilleadh	1	3

Cuid 11

SÁRÚ AR RIALACHÁN 3 DE NA RIALACHÁIN UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (DÉANAMH, TREALAMH AGUS ÚSÁID FEITHICLÍ) (LEASÚ), 2000 (I.R. UIMH. 224 DE 2000)

Sa Chuid seo—

(a) ciallaíonn 'cion' cion faoi alt 11 den Phríomh-Acht,

(b) aon tagairt do Rialachán, is tagairt í do Rialachán de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Déanamh, Trealamh agus Úsáid Feithiclí) (Leasú), 2000 (I.R. Uimh. 224 de 2000).

Uimhir Thagartha (1)	Cion (2)	Tuairisc Ghinearálta ar an gCion (3)	Pointí Pionóis ar Mhuirear Seasta a Íoc (4)	Pointí Pionóis ar Chiontú (5)
1	Cion arb é atá ann sárú ar Rialachán 3(2)	Feithicil a úsáid in áit phoiblí gan pláta údarúcháin	3	5
2	Cion arb é atá ann sárú ar Rialachán 3(3)	Feithicil a modhnaíodh nó a athraíodh ar shlí a fhágann go bhfuil an pláta údarúcháin míchruinn a úsáid in áit phoiblí	3	5

".

CUID 4

CIONTA A BHAINEANN LE TIOMÁINT LE LINN A BHEITH AR MEISCE

Oibleagáid chun tástálacha mallachair a dhéanamh

11. Leasaítear Acht 2010 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 11:

"11. (1) I gcás go bhfuil an tuairim ag comhalta den Gharda Síochána go bhfuil duine ag tiomáint feithicil inneallghluaiste nó ag tabhairt iarracht ar í a thiomáint, nó go bhfuil duine i bhfeighil feithicil inneallghluaiste le hintinn an fheithicil a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar í a thiomáint, in áit phoiblí faoi bhrí meiscigh, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine tástálacha ('tástálacha mallachair') a dhéanamh, de réir rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, ina láthair féin nó i láthair comhalta eile agus ar an modh a chuirfidh sé nó sí, nó an comhalta eile sin, in iúl chun a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil mallachar ar chumas tiomána an duine.

(2) Beidh fianaise a bheidh faighte faoin alt seo go bhfuil mallachar ar chumas tiomána duine ina fhianaise chun críocha ailt 4 agus 5 nach féidir leis an duine an fheithicil dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a rialú i gceart.

(3) Chun críocha fho-alt (1), féadfaidh an tAire na nithe seo a leanas a fhorordú—

(a) na cineálacha tástálacha mallachair a fhéadfar a cheangal ar dhuine a dhéanamh,

(b) an modh ar a bhféadfar tástáil den sórt sin dhéanamh ar dhuine,

(c) treoracha a bheidh le tabhairt do dhuine a bheidh ag déanamh tástáil den sórt sin,

(d) an cineál breathnóireachta ar an staid fhisiciúil a fhéadfar a dhéanamh i gcúrsa tástáil den sórt sin,

(e) na tátail a fhéadfar a bhaint as breathnóireacht a dhéanfar i gcúrsa tástáil den sórt sin, agus

(f) foirm ar a bhféadfar an bhreathnóireacht a dhéanfar agus na tátail a bhainfear i gcúrsa tástáil den sórt sin a thaifeadadh agus trína bhféadfar mallachar a mheasúnú.

(4) Aon duine a mhainníonn, gan leithscéal réasúnach, ceanglas faoi fho-alt (1) a chomhlíonadh, déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas is duine arb é tuairim an chomhalta ina leith go bhfuil cion faoin alt seo á dhéanamh nó déanta aige nó aici.

(6) Níl feidhm ag alt 1(1) den *Probation of Offenders Act*, 1907 maidir le cion faoin alt seo.".

Leasú ar Acht 2010 — fuil a thógáil ó thiománaí gan aithne

12. Leasaítear Acht 2010—

(a) in alt 14 (a cuireadh isteach le halt 8 den Acht um Thrácht ar Bhóithre (Uimh. 2), 2011)—

(i) i bhfo-alt (1), trí "nó dá éis" a chur isteach i ndiaidh "ar dá dhroim",

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) I gcás gur dealraitheach don chomhalta den Gharda Síochána lena mbaineann nach féidir le duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1), ar chúiseanna liachta, a bheith faoi réir ceanglas faoin bhfo-alt sin, nó go bhfuil sé nó sí neamhinniúil ar cheanglas faoin bhfo-alt sin a chomhlíonadh, ordóidh an comhalta do dhochtúir ainmnithe nó d'altra ainmnithe sampla dá chuid nó dá cuid fola a thógáil ón duine.",

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) Sula ndéanfaidh an comhalta den Gharda Síochána lena mbaineann ceanglas a chur ar dhuine faoi fho-alt (1) nó ordachán a thabhairt do dhuine faoi fho-alt (3A), rachaidh sé nó sí i gcomhairle le dochtúir a bheidh ag tabhairt cóireáil don duine agus, má chuireann dochtúir a bheidh ag tabhairt cóireáil don duine in iúl don chomhalta go rachadh ceanglas nó ordachán den sórt sin chun dochair do shláinte an duine, ní chuirfidh an comhalta ceanglas den sórt sin ar an duine ná ní thabharfaidh sé nó sí ordachán den sórt sin.",

(iv) i bhfo-alt (5), trí "nó chun ordachán a thabhairt faoi fho-alt (3A)" a chur isteach i ndiaidh "faoi fho-alt (1)",

(v) i bhfo-alt (6), trí "nó chun sampla dá chuid fola nó dá cuid fola a thógáil mar a ordaíodh faoi fho-alt (3A)" a chur isteach i ndiaidh "faoi fho-alt (1)" agus

(vi) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

"(10) Is dleathach do dhochtúir ainmnithe nó d'altra ainmnithe sampla dá chuid fola nó dá cuid fola a thógáil ón duine mar a ordaíodh faoi fho-alt (3A).",

(b) in alt 15—

(i) i bhfo-alt (2), trí "(seachas sampla arna thógáil faoi alt 14(3A))" a chur isteach i ndiaidh "fola", agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) A luaithe is indéanta tar éis—

(a) fo-alt (1) a chomhlíonadh, i gcás sampla fola arna thógáil faoi alt 14(3A), nó

(b) fo-alt (2) a chomhlíonadh, i gcás aon sampla eile,

cuirfidh comhalta den Gharda Síochána faoi deara na nithe seo a leanas a chur ar aghaidh chuig an mBiúró—

(i) an fhoirm chomhlánaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1),

(ii) i gcás gur faoi alt 14(3A) a tógadh an sampla fola ón duine lena mbaineann, lipéad, fógra nó ráiteas i scríbhinn á rá sin,

(iii) i gcás go roghnóidh an duine ceann de na coimeádáin shéalaithe a tairgeadh faoi fho-alt (2) a choimeád, an coimeádán séalaithe eile, agus

(iv) i gcás go ndiúltóidh an duine ceann de na coimeádáin shéalaithe a choimeád nó, i gcás sampla fola arna thógáil faoi alt 14(3A), nár tairgeadh ceann de na coimeádáin shéalaithe dó nó di, an dá choimeádán shéalaithe.",

(c) in alt 17(3), trí ", faoi réir alt 17A(3)," a chur isteach i ndiaidh "déanfaidh an Biúró",

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 17:

"**Cead a fháil tar éis sampla fola a thógáil ó thiománaí gan aithne**

17A. (1) I gcás gur tógadh sampla fola ó dhuine faoi alt 14(3A), déanfaidh comhalta den Gharda Síochána, a luaithe is indéanta ach in aon chás tráth nach déanaí na 6 mhí tar éis dháta an teagmhais dá dtagraítear in alt 14(1), a cheangal ar an duine sin a chead nó a cead a thabhairt chun deimhniú comhlánaithe a chur ar aghaidh faoi alt 17.

(2) Tabharfaidh comhalta den Gharda Síochána fógra don Bhiúró a luaithe is indéanta tar éis do dhuine a chead nó a cead a thabhairt dó nó di tar éis ceanglas faoi fho-alt (1).

(3) I gcás go bhfaighidh an Biúró sampla faoi alt 17 a tógadh ó dhuine faoi alt 14(3A), ní chuirfidh an Biúró deimhniú comhlánaithe ar aghaidh faoi alt 17(3) mura rud é go mbeidh fógra arna fháil ag an mBiúró faoi fho-alt (2) i ndáil leis an sampla sin.

(4) Féadfaidh an tAire foirmeacha a fhorordú chun críocha an ailt seo.

(5) Aon duine a dhiúltóidh nó a mhainneoidh, tar éis ceanglas faoi fho-alt (1), gan leithscéal réasúnach, a chead nó a cead a thabhairt chun deimhniú comhlánaithe a chur ar aghaidh faoi alt 17, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) In ionchúiseamh i leith cion faoi fho-alt (5) mar gheall ar dhiúltú nó mainneachtain cead a thabhairt chun deimhniú comhlánaithe a chur ar aghaidh faoi alt 17, is cosaint é don chosantóir a dheimhniú don chúirt go raibh cúis speisialta shubstaintiúil ann leis an diúltú nó leis an mainneachtain a rinne sé nó sí agus go ndearna sé nó sí a luaithe ab

indéanta tar éis an diúltaithe nó na mainneachtana lena mbaineann, ceanglas faoi fho-alt (1) a chomhlíonadh (nó gur thairg sé nó sí, ach nár iarradh air nó uirthi, an ceanglas sin a chomhlíonadh).

(7) Níl feidhm ag alt 1(1) den *Probation of Offenders Act*, 1907 maidir le cion faoin alt seo.",

(e) in alt 19, trí "nó (3A)" a chur isteach i ndiaidh "nó 14(1)" sa dá áit a bhfuil sé, agus

(f) in alt 21, trí ", 14 nó 17A" a chur in ionad "nó 14".

Leasú ar an bPríomh-Acht — ordú dícháiliúcháin iarmhartach

13. Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 26(4)(a)(v), trí ", 14 nó 17A" a chur in ionad "nó 14", agus

(b) sa Dara Sceideal (arna leasú le halt 43 d'Acht 2012)—

(i) tríd an méid seo a leanas chur isteach i ndiaidh mhír 5:

"**Mainneachtain ceanglas a chomhlíonadh tástáil mallachair a dhéanamh**

5A. Cion faoi alt 11 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010.",

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 6:

"**Mainneachtain cead a thabhairt chun deimhniú tástála sampla a chur ar aghaidh**

6A. Cion faoi alt 17A den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010.".

CUID 5

Ilghnéitheach

Cur isteach ar odaiméadar feithicle inneallghluaiste

14. (1) Ní chuirfidh duine isteach, ná ní thabharfaidh duine iarracht ar chur isteach, ar odaiméadar feithicle inneallghluaiste.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, nó a aslóidh duine eile chun *fo-alt (1)* a shárú, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) I gcás go mbeidh forais réasúnacha ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint go bhfuil cion faoin alt seo á dhéanamh nó déanta ag duine, féadfaidh sé nó sí an duine a ghabháil gan bharántas.

(4) I gcás go gcúiseofar duine i gcion faoin alt seo, is cosaint é a shuíomh go raibh, tráth an chiona líomhnaithe, an duine ag gníomhú de mheon macánta d'fhonn odaiméadar na feithicle inneallghluaiste a thástáil, a dheisiú nó a ionadú.

(5) San alt seo, ciallaíonn "odaiméadar", i ndáil le feithicil inneallghluaiste, an fheiste lena dtomhastar agus lena dtaifeadtar an t-achar a thaistealaíonn an fheithicil ach ní fholaíonn sé feiste chúnta ar féidir í a athshocrú chun turais ar leithligh a thomhas agus a thaifeadadh.

Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht

15. Leasaítear alt 3(1) den Phríomh-Acht sa mhíniú ar "feithicil seirbhíse poiblí" trí "nó cónasc feithiclí" a chur isteach i ndiaidh "feithicil inneallghluaiste".

Suimeanna arna n-íoc ag Oifig Árachóirí Gluaisteán na hÉireann a ghnóthú

16. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 78A (a cuireadh isteach le halt 77 d'Acht 2010):

"78B(1) Aon imeachtaí a thionscnóidh Oifig Árachóirí Gluaisteán na hÉireann nó a thionscnófar thar a ceann lena bhféachfar le suimeanna leachtaithe arna n-íoc ag an Oifig de bhun Chomhaontú Oifig Árachóirí Gluaisteán na hÉireann a ghnóthú, féadfar iad a thionscnamh faoi Ordú 2, riail 1 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986).

(2) San alt seo, ciallaíonn "Comhaontú Oifig Árachóirí Gluaisteán na hÉireann" an Comhaontú maidir le hÍospartaigh Tionóisce Bóthair Neamhárachaithe a Chúiteamh, dar dáta 29 Eanáir 2009, idir an tAire Iompair agus Oifig Árachóirí Gluaisteán na hÉireann agus folaíonn sé aon chomhaontú ina dhiaidh sin lena leasaítear nó lena n-ionadaítear an Comhaontú sin.".

Leasú ar alt 106 den Phríomh-Acht

17. Leasaítear alt 106 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

"(aa) más rud é go ndearnadh díobháil d'aon duine, nó más dealraitheach go dteastaíonn cúnamh ó aon duine, déanfaidh tiománaí na feithicle cúnamh a thairiscint;",

(b) i bhfo-alt (3), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

"(aa) i gcás ina ndéanfar díobháil do dhuine, agus maidir leis an duine a sháróidh fo-alt (1) nó fo-alt (2)—

(i) go ndéanfaidh sé nó sí amhlaidh le hintinn dliteanas sibhialta nó coiriúil a sheachaint, agus

(ii) go bhfuil a fhios aige nó aici go ndearnadh díobháil do dhuine, is díobháil de chineál a fhágann go bhfuil gá ag an duine le cúnamh liachta san áit sin nó gur gá go dtabharfaí an duine go dtí ospidéal le haghaidh cúnamh liachta,

ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €10,000 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh aon téarma nach faide ná 7 mbliana, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi,

(ab) i gcás ina ndéanfar díobháil do dhuine, agus maidir leis an duine a sháróidh fo-alt (1) nó fo-alt (2), go ndéanfaidh sé nó sí amhlaidh le hintinn dliteanas sibhialta nó coiriúil a sheachaint, agus

(i) go mbeidh a fhios aige nó aici go bhfuil an duine a ndearnadh díobháil dó nó di marbh, nó

(ii) go mbeidh a fhios aige nó aici go ndearnadh díobháil do dhuine agus go bhfuil sé nó sí meargánta i dtaobh an dtiocfaidh as go bhfaighidh an duine a díobháladh bás amhlaidh, agus go dtiocfaidh as go bhfaighidh an duine a díobháladh bás amhlaidh,

ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €20,000 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh aon téarma nach faide ná 10 mbliana, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi,",

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3A):

"(3B) In ionchúiseamh faoi fho-alt (3)(aa) nó (ab) maidir le fianaise gur mhainnigh an cúisí a fheithicil nó a feithicil a stopadh, cúnamh a thairiscint, an fheithicil a choimeád san áit nó in aice na háite ar feadh tréimhse réasúnach, nó an fhaisnéis chuí a thabhairt, is cruthúnas í, cheal fianaise ar a mhalairt, ar intinn dliteanas sibhialta nó coiriúil a sheachaint.".

Leasú ar alt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 — aoisliúntas fhoireann ÚSB

18. Leasaítear alt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Áireofar i scéim faoin alt seo foráil maidir le hachomhairc a dhéanamh i gcoinne breith a bhaineann le sochar aoisliúntais faoin scéim.".

Leasú ar alt 2 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009

19. Leasaítear alt 2 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009 sa mhíniú ar "bus" trí "nó cónasc feithiclí" a chur isteach i ndiaidh "feithicil inneallghluaiste".

Leasú ar alt 29 d'Acht 2010 — fógra pionóis sheasta

20. Leasaítear alt 29 d'Acht 2010—

(a) i bhfo-alt (11)(e), trí "(nach duine sonraithe)" a scriosadh, agus

(b) i bhfo-alt (18A) (a cuireadh isteach le halt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre (Uimh. 2), 2011), trí "nó a eisíodh thar a cheann nó thar a ceann" a chur isteach i ndiaidh "a d'eisigh an Post nó seirbhís poist eile".

Leasú ar alt 38 d'Acht 2010 — toimhdeana

21. Leasaítear alt 38(2) d'Acht 2010—

(a) trí "nó thar a cheann nó thar a ceann" a chur isteach i ndiaidh "arna eisiúint nó arna heisiúint ag an bPost nó ag seirbhís poist eile", agus

(b) trí ", go dtí go suífear a mhalairt" a scriosadh.

Leasú ar alt 81 d'Acht 2010 — fianaise i ndáil le tiomáint ar luas, etc.

22. Leasaítear Acht 2010 in alt 81—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

"(6) In imeachtaí i leith cion dá dtagraítear i bhfo-alt (1), toimhdeofar, go dtí go suífear a mhalairt—

(a) maidir leis an ngléas leictreonach nó leis an ngléas eile a úsáideadh chun fianaise a thairiscint, go ndearna comhalta den Gharda Síochána, nó duine arna údarú nó arna húdarú faoi chomhaontú faoi fho-alt (7), é a sholáthar, a chothabháil agus a oibriú,

(b) go ndearna comhalta den Gharda Síochána nó duine arna údarú nó arna húdarú faoi chomhaontú faoi fho-alt (7) taifid arna dtáirgeadh leis an ngléas sin a fhorbairt, a tháirgeadh agus a bhreathnú, agus

(c) gur comhlíonadh fo-alt (3).",

agus

(b) i bhfo-alt (9), sa mhíniú ar "comhalta den Gharda Síochána", trí "i bhfo-ailt (4) agus (7)" a chur in ionad "i bhfo-alt (3) nó (7)".

Leasú ar alt 87 d'Acht 2010 — díolúintí d'fheithiclí éigeandála

23. Leasaítear alt 87 d'Acht 2010 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Maidir le ceanglais faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2010 a bhaineann le feithiclí agus maidir le ceanglais, srianta agus toirmisc a bhaineann le feithiclí a thiomáint agus a úsáid, seachas iad sin dá bhforáiltear faoi ailt 49, 50, 51A, 52 agus 53 den Phríomh-Acht, ailt 12, 13 agus 15 d'Acht 1994 agus ailt 4, 5, 11, 12 agus 14 den Acht seo, níl feidhm acu—

(a) maidir le comhalta den Gharda Síochána, de sheirbhís otharchairr (a sholáthraíonn soláthraí seirbhíse um chúram práinne réamh-ospidéil atá aitheanta ag an gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil arna bunú leis an Ordú fán gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (Bunú), 2000 (I.R. Uimh. 109 de 2000)) nó de bhriogáid dóiteáin de chuid údarás dóiteáin (de réir bhrí an Achta Seirbhísí Dóiteáin, 1981) do thiomáint nó d'úsáid feithicle i gcomhlíonadh dhualgais an chomhalta sin, ná

(b) maidir le duine do thiomáint nó d'úsáid feithicle faoi stiúradh comhalta den Gharda Síochána,

i gcás nach gcuireann an úsáid sin sábháilteacht lucht úsáidte bóithre i mbaol.".

Leasú ar Acht 2012

24. Leasaítear Acht 2012—

(a) in alt 12(2)(b)(i), trí "ó thosach feidhme an ailt seo" a chur in ionad "ó dháta rite an Achta seo",

(b) in alt 17(1), trí "agus faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis nó léi" a chur isteach i ndiaidh "ar iarratas chuige nó chuici",

(c) in alt 19(b), trí "nó, d'ainneoin go bhfuil an neamhchomhlíonadh ceartaithe, gurb é an tríú scéala nó scéala dá éis sin i leith an údaraithe chéanna an scéala," a chur isteach i ndiaidh "an cor a cheartú",

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 19:

"**Faisnéis bhréagach a sholáthar in iarratas**

19A. (1) I gcás go gcinnfidh an tAire, in iarratas—

(a) ar údarú faoi alt 9,

(b) ar leasú ar údarú faoi alt 14,

(c) ar athnuachan ar údarú faoi alt 15, nó

(d) ar údarú faoi alt 17,

gur sholáthair duine faisnéis a bhí bréagach nó míthreorach, agus ar chóir gurbh eol don duine tráth an iarratais í a bheith bréagach nó míthreorach, féadfaidh an tAire an t-údarú lena mbaineann an t-iarratas a chúlghairm.

(2) Maidir le duine a dhéanfaidh, in iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (1), faisnéis arb eol dó nó di, nó ar chóir le réasún gurbh eol dó nó di, tráth an iarratais, í a bheith bréagach nó míthreorach a sholáthar, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.",

(e) in alt 25(5)—

(i) trí ", nó oifigeach údaraithe eile atá ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann" a chur isteach i ndiaidh "féadfaidh sé nó sí", agus

(ii) i mír (b), trí "nó ar an tástálaí RFT" a chur isteach i ndiaidh "ar an oibritheoir tástála RFT",

(f) in alt 34(1)(a), trí "gur comhalta den Gharda Síochána nó comhalta den tSeirbhís Custam agus Máil an cigire RFT, nó go bhfuil comhalta den Gharda Síochána nó comhalta den tSeirbhís Custam agus Máil ina theannta nó ina teannta" a chur isteach in ionad "gur comhalta den Gharda Síochána an cigire RFT, nó go bhfuil comhalta den Gharda Síochána ina theannta nó ina teannta", agus

(g) in alt 41(4)(b), trí "oifigeach údaraithe, cigirí RFT, sainchomhairleoirí agus comhairleoirí" a chur in ionad "oifigeach forfheidhmithe, comhchomhairliúcháin nó comhairleoirí.".

Leasú ar alt 13 den Acht um Iompar ar Bhóithre, 2011 — táillí

25. Leasaítear alt 13(1) den Acht um Iompar ar Bhóithre, 2011 trí "agus a bhunú ar an modh ar a ndéantar iarratas ar na doiciméid sin" a chur isteach i ndiaidh "i leith doiciméad éagsúil".

Aisghairm

26. Aisghairtear na hailt seo a leanas:

(a) alt 5 d'Acht 2006;

(b) alt 32 d'Acht 2010;

(c) alt 53 d'Acht 2012.